# FIOS FOGHLAMA

## MÁRTA 2026

Fáilte romhaibh chuig eagrán Feabhra d'Fhios Foghlama ón nGaelAonad.

A chómhúinteoirí,

Bíonn Mí na Márta an-ghnóthach ar scoil le ceiliúradh éagsúla- táimid ag súil go mór le Lá Fhéile Pádraig ar an 17 Márta agus dar ndóigh an fhéile Ghaeilge is mó in Éirinn, Seachtain na Gaeilge ó 1-17 Márta.

Tá ábhar praiticiúil san eagrán seo le húsáid sa rang, chun tacú libh i bhforbairt na Gaeilge agus i gcur chun cinn na foghlama ardchaighdeáin. Tá súil againn go mbainfidh sibh úsáid as na hacmhainní seo i rith na míosa agus go mbeidh siad ina spreagadh daoibh.

Le buíochas agus le meas,
Ó Fhoireann Bhunscoile an GhaelAonaid



## AG SAIBHRIÚ NA GAEILGE
## IONAD TACAÍOCHTA OIDEACHAIS THRÁ LÍ- 13 MÁRTA 2026

Tacóidh an tEispéireas Foghlama Gairmiúla seo (**lá iomlán aghaidh ar aghaidh**) le ceannairí agus le muinteoirí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge, cruinneas agus saibhreas teanga a ndaltaí a fhorbairt trí:

- Straitéisí praiticiúla a aithint agus a chur i bhfeidhm
- Dheiseanna nádúrtha úsáide teanga, a spreagadh agus a chothú le fócas ar Ghaeilge an tsóisialaithe
- Iniúchadh a dhéanamh ar phríomhinniúlachtaí agus ar na torthaí foghlama i gCuraclam Teanga na Bunscoile
- Mhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas reatha agus ar dheiseanna le haghaidh feabhsúcháin a aithint

Ionad Tacaíochta Oideachais Thrá Lí
Tralee Education Support Centre




*Tá cead ag ceannaire scoile amháin agus múinteoir amháin eile ó gach scoil freastal ar an seimineár seo. Cuirfidh an Roinn Oideachais agus Óige clúdach ionadaíochta ar fáil más gá.*

**Is féidir clárú ag an nasc seo-https://oide.ie/ga/muinteoiri/**

# ACMHAINN NA MÍOSA

## Leabhrán Sheachtain na Gaeilge




Tá neart cluichí agus acmhainní ar fáil sa leabhrán seo chun tacú le múinteoirí le linn Sheachtain na Gaeilge.

**Tuilleadh acmhainní ar fáil anseo:**

https://oide.ie/irish-medium/baile/primary/acmhainni/

https://snag.ie/cluichi/

Conradh na Gaeilge

SEACHTAIN NA GAEILGE

# COMHDHÁIL DO MHÚINTEOIRÍ BUNSCOILE NUACHÁILITHE T1 AGUS T2







Tá COGG & Sealbhú DCU ag eagrú comhdháil do mhúinteoirí bunscoile
📅 7 Márta⏰ 10:00–15:30📍 DCU Phádraig, Droim Conrach
Cainteanna ó mhúinteoirí, príomhoidí, Droichead & COGG
Breis eolais: https://dcu.pulse.ly/giphsidrtn

# THE WEATHERBIES

the WEATHERBIES™

Tá lúcháir ar The Weatherbies a fhógairt go bhfuil muid anois ag soláthar ár gceardlann idirghníomhach trí Ghaeilge.
Á chur i láthair agus á insint ag foireann na Weatherbies, tugann na ceardlanna seo an fuinneamh, an chruthaitheacht agus an spraoi céanna chuig scoileanna – anois trí mheán na Gaeilge.
Déan teagmháil le Peter ag peter@theweatherbies.co.uk nó tabhair cuairt ar https://theweatherbies.co.uk/ chun tuilleadh eolais a fháil.
Tá muid ar bís fosta a roinnt go mbeidh ár suíomh gréasáin Gaeilge: www.naweatherbies.ie á sheoladh thart ar Lá Fhéile Pádraig – coinnigí súil amach!



Foras Taighde ar Oideachas
Educational Research Centre

# AR MHAITH LEAT TIONCHAR A IMIRT AR MHEASÚNÚ AS GAEILGE?

## Chomhairliúchán ar Ábhar Trialach Luathlitearthachta agus Luathuimhearthachta

Tá an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) ag athfhorbairt na trialacha luathlitearthachta agus luathuimhearthachta as Gaeilge do pháistí Naíonáin Mhóra agus Rang a hAon. Is é cuspóir na dtrialacha seo ná páistí atá i mbaol deacrachtaí litearthachta agus/nó uimhearthachta a aithint ar dtús trí mheasúnú grúpa agus ansin na dúshláin shonracha atá acu a phróifíliú trí mheasúnú indibhidiúil.
Is é seo an chéad uair riamh go bhfuil trialacha den chineál seo á bhforbairt as Gaeilge do gach suíomh oideachais trí mheán na Gaeilge.

**Tá bhur saineolas uainn!**

Is mian leis an FTO cuireadh a thabhairt do mhúinteoirí bunscoile páirt a ghlacadh i seisiún comhairliúcháin (ar bhonn deonach) chun:

- athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar na trialach
- leibhéal deacrachta agus oiriúnacht aoise a mheas
- aiseolas agus moltaí a roinnt.



**Critéir Cháilitheachta?**

- Múinteoirí cáilithe (bunscoile) le Gaeilge líofa
- Taithí ag múineadh NM/R1 nó mar MOS trí mheán na Gaeilge (i nGaelscoil nó i scoil Ghaeltachta)
- Suim sa luathlitearthacht agus/nó sa luathuimhearthacht
- Fáil ort dir an 30 Márta - 2 Aibreán le freastal ar chruinniú ar líne le taighdeoirí de chuid an FTO

🕒 Cruinniú ar líne (2 uair a chloig)
📅 Idir 30 Márta - 2 Aibreán 2026
🎥 Taifeadta (ceamaraí ar siúl)

**Spriocdháta don Iarratas: 5:00i.n., 6ú Márta**
🔗Comhlánaigh an fhoirm iarratais ag an nasc seo.

*Roghnófar líon teoranta rannpháirtithe chun plé dírithe agus ionadaíocht leathan a chinntiú. Beidh gach aiseolas anaithnid.
Má tá ceisteanna, is féidir ríomhphost a sheoladh chuig earlylitnum@erc.ie.

# CLÁR NA MÍOSA

## Néara-Éagsúlacht: Dearcadh Difriúil

Sraith nua dhá chlár ina bhfiosraítear an néara-éagsúlacht in Éirinn. Tugtar léargas ionraic, daonna sa tsraith thochtmhar seo ar scéalta nach dtugtar cluas go minic dóibh.

TG4




**Tuilleadh eolais ar fáil anseo:**
https://www.tg4.ie/ga/player/catagoir/faisneis/?series=N%C3%A9ara-%C3%89ags%C3%BAlacht%3A%20Dearcadh%20Difri%C3%BAil&genre=Faisneis

# RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS

### Treoir Don Dea-Chleachtais Maidir le hUathachas I Scoileanna


Cabhróidh an treoir le ceannairí scoile, múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta agus foireann scoile eile, freagairt do riachtanais daltaí a bhfuil uathachas orthu. Bainfidh foireann na scoile, atá ag obair i róil agus i suíomhanna sainoideachais, úsáid faoi leith as.




**Tuilleadh eolais ar fáil anseo:**
https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/foilseachain/n%C3%B3ta-faisn%C3%A9ise-ar-fhoilsi%C3%BA-threoir-dea-chleachtais-do-scoileanna-maidir-le-huathachas-ag-tac%C3%BA-le-leana%C3%AD-agus-daoine-%C3%B3ga/

### Tascairí dea-chleachtais maidir le soláthar Riachtanais Speisialta Oideachais

Forbraíodh na táscairí dea-chleachtais seo a leanas mar acmhainn do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta na Gaeltachta ina gcuid oibre. Cé go bhfuil na Táscairí seo deartha do bhunscoileanna Gaeltachta, beidh feidhm acu freisin i ngaelscoileanna.




**Tuilleadh eolais ar fáil anseo:**
https://oide.ie/irish-medium/baile/primary/acmhainni/

ROSG

# NAOMH PÁDRAIG
## Ó SCÉAL NA GAEILGE

**Scéal Na Gaeilge**
Tríd meascán míreanna beochan, cúlraí scáthlán glas agus taifeadadh ag láithreacha stairiúla, nochtann an tsraith seo stair na Gaeilge le radharc spraíúil ar na scéalta stairiúla agus miotasacha a bhaineann léi. Físiúil, úr agus bríomhar, tá Scéal na Gaeilge curtha i láthair agus scríofa ag an Ollamh Alan Titley, stiúrtha ag Diarmuid Goggins agus léirithe ag Ciarán Ó Cofaigh do ROSG.
**Tuilleadh eolais ar fáil anseo:**
http://www.rosg.ie/ie/productions/Scal_na_Gaeilge_The_Story_of_Irish-Gaelic_15/



## PODCHRAOLADH NA MÍOSA




Éist leis an eipeasóid speisialta seo den Phodchraoladh Bunscoile CNCM le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin CNCM Arlene Forster.
San eipeasóid speisialta seo, tugann Arlene an comhthéacs chun an curaclam bunscoile athfhorbartha a thuiscint - ag plé cén fáth go bhfuil an t-athfhorbairt seo tábhachtach, conas a léiríonn sé Éire an lae inniu, agus conas a thacófar le scoileanna agus le páistí agus é ag éirí mar chuid de shaol laethúil an tseomra ranga.

**Éist leis anseo:**
https://ncca.ie/en/primary/primary-developments/ongoing-primary-developments/podcast/

NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment


## SEANFHOCAL NA MÍOSA



Ní ar leathchois a tháinig Pádraig go hÉirinn!


## SAMHLACHA NA MÍOSA

Chomh ciúin le linn
Chomh ciúin leis an reilig
Chomh ciúin leis an uaigh
Chomh socair le huan
Chomh socair le cat
Chomh socair le lao na bó



# LEABHAR NA MÍOSA

## GRUAIG ÁINE LEABHAR CAIBIDILE LE HEOIN COLFER Ó FUTA FATA.




Is fuath le hÁine a cuid gruaige. Tá gruaig álainn fhionn ar chailíní eile, ach tá gruaig Áine donn, dubh agus catach. Socraíonn sí bearradh gruaige a thabhairt di féin. Níl Mamaí pioc sásta!

Tá an leabhar caibidle seo mar chuid den tsraith Little Gems atá foilsithe i mBéarla ag Barrington Stoke: úrscéalta soléite atá foirfe do pháistí ag tosú ag léamh ar a gconlán féin. Aistrithe go Gaeilge ag Sadhbh Devlin.

## NUACHT NA MÍOSA




Tá **SCÉIM MHAOINITHE COGG** oscailte anois agus tá  iarratais á nglacadh anois do mhaoiniú chun acmhainní teagaisc & foghlama a fhorbairt don oideachas trí Ghaeilge nó do theagasc na Gaeilge.

Dáta druidte : 4pm Dé Luain, 16 Márta 2026.


**Tuilleadh eolais ar fáil anseo:** www.cogg.ie

## DÁN NA MÍOSA

**An tSeamróg**

Is maith liom an tseamróg,
An planda beag glas;
Trí dhuilleog bheaga
Le chéile ar ghas.

Is maith liom an tseamróg,
An planda beag glas;
Trí dhuilleog bheaga
Le chéile ar ghas.



# Léiriú Spéise don Chlár Breith ar an Léitheoireacht 2026/2027




Is clár litearthachta scoilbhunaithe, gearrthéarmach é Reading Recovery atá deartha do leanaí i naíonáin shinsearacha agus i rang a haon (idir cúig bliana naoi mí agus sé bliana sé mhí d'aois) a aithnítear mar na gnóthachtálaithe litearthachta is ísle tar éis bliana ar scoil. Is idirghabháil luathlitearthachta atá bunaithe ar thaighde críochnúil agus fianaise-bhunaithe é. Múintear páistí ina n-aonar ag múinteoir sainoilte ar feadh 30 nóiméad sa lá ar feadh 12-20 seachtain. Is é an sprioc atá ann ná go mbeidh na páistí ina bhfoghlaimeoirí litearthachta éifeachtacha agus éifeachtúla atá in ann oibriú laistigh de mheánréimse feidhmíochta sa seomra ranga. In Éirinn, baineann ceathrar as gach cúigear páistí an sprioc sin amach go seasta. In Éirinn, baineann ceathrar as gach cúigear páistí an sprioc sin amach go seasta.

Cliceáil ANSEO chun teacht ar an bhfoirm.

## EALAÍN NA MÍOSA

**Cárta Lá 'le Pádraig le Cúla 4 ar scoil**

Sa fhíseán seo ó **Cúla 4 ar scoil ,** tá ceacht ealaíne álainn ann do Lá 'le Pádraig. Bain sult as!




**Tuilleadh eolais le fáil ag:**
https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/414AbuO5e6c

# An Foclóir Nua Gaeilge

foclóir.ie

Tá foclóir nua, **An Foclóir Nua Gaeilge**, ar fáil ar shuíomh foclóir.ie anois. Is é seo an chéad mhórfhoclóir **aonteangach** Gaeilge riamh, ina mínítear focail Ghaeilge as Gaeilge in áit aistriúchán Béarla a thabhairt ar an bhfocal Gaeilge.


Go dtí seo, aon uair a chasfaí focal Gaeilge ort nár thuig tú, bhí ort an focal sin a aistriú go Béarla, agus ansin bhí ort dul agus an focal Béarla sin a lorg i ngnáthfhoclóir Béarla. Bhíomar ag dul i muinín an Bhéarla i gcónaí chun an domhan mórthimpeall orainn a mhíniú agus a thuiscint. I seomraí ranga timpeall an domhain bhí daltaí agus múinteoirí ag brath ar an mBéarla chun an Ghaeilge a thuiscint. Ní gá go mbeadh sé mar sin a thuilleadh. Tugann an foclóir nua seo an deis dúinn ár meon i leith na teanga agus i leith mhúineadh agus fhoghlaim na teanga a athrú agus sinn féin a thumadh sa teanga go hiomlán.

Bain triail as! Cuardaigh an focal **foclóir** ar foclóir.ie, bí cinnte go bhfuil an táb corcra **Gaeilge** roghnaithe agat agus féach ar an sainmhíniúchán agus ar na habairtí samplacha. Éist leis na comhaid fuaime chun fuaimniú an fhocail a chloisteáil sna canúintí difriúla, agus cliceáil ar an mbarra corcra **ainmfhocal firinscneach, 3ú díochlaonadh** chun comhad gramadaí iomlán an fhocail a fheiceáil.

Déan cuardach eile agus cuir isteach an focal **Fraincis** agus féach ar na habairtí samplacha go léir a mhíníonn duit conas an focal Fraincis a úsáid agus a chur i gcomhthéacs.

Bain triail as an bhfocal **trí2** agus léigh an t-eolas gramadaí a bhaineann leis an réamhfhocal. Cliceáil ar an **Nóta Úsáide** chun tuilleadh eolas gramadaí a léamh. Féach ar an gcur síos ar an nath cainte tríd is tríd.

Tá a lán eolais agus saibhreas iontach le fáil in **An Foclóir Nua Gaeilge**. Bain triail as sa seomra ranga agus cumasaigh do chuid daltaí chun an saol mórthimpeall orthu a shainmhíniú ina dteanga féin.




@oidegaelaonad
eolas@oide.ie
@OidePrimGaeilge




## CUNTAS INSTAGRAM AN GHAELAONAID

Tá lúcháir ar Fhoireann an GhaelAonaid go bhfuil cuntas Instagram an GhaelAonaid ar an bhfód anois. Bí cinnte sinn a leanúint don nuacht is déanaí agus chun teacht ar réimse acmhainní agus tacaíochtaí don seomra ranga.



Lean sinn tríd an gcód MF nó déan cliceáil anseo.

OIDEGAELAONAD

**Séanadh**: 'Is acmhainn iad na cora poist seo agus tá an t-eolas atá iontu ábhartha agus suas chun dáta ag dáta a bhfoilsithe amháin. Is gá don úsáideoir a chinntiú go bhfuil an t-eolas is déanaí faighte acu ó shuíomhanna áirithe eile amhail CNCM, ROÓ.